Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, tá iachall orm an cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun é a iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá cuntas an mhéid a caitheadh sa bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015, atá iniata leis seo, ullmhaithe agam do thuarastail agus do chostais an Vóta don Oifig Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig, agus le haghaidh íocaíocht deontas, lena n-áirítear deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is ann d'fharasbarr de €6.74 milliún ar a ndlitear géilliúint don Státchiste.

## Ráiteas na bPolasaithe agus na bPrionsabal Cuntasaíochta

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas Polasaithe agus Prionsabal Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 7. Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha do tháirgeadh cuntas leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú seachas do na rudaí seo a leanas:

***Dímheas***

Cuireadh tús le tionscadal caipitil i 2012 chun an áis náisiúnta coinneála leanaí a fhorbairt ag Baile an Oibricigh. Níl an tsócmhainn á dímheas go dtí go gcuirtear i bhfeidhm í. Níor comhlánaíodh ráiteas ar leith faoi shócmhainní i mbun forbartha agus tá an tsócmhainn tógála ar siúl curtha san áireamh sa Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil.

***Íocaíochtaí do Phobal***

Réamhíoctar cistí do Phobal i dtaca le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal sa bhliain le hais na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.2).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht do chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn. Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil agam agus mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialachtaí ábhartha cé acu a chosc nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

Baineann an ráiteas rialaithe inmheánaigh airgeadais don Roinn Sláinte le hábhar freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 40 i réimsí an airgeadais agus TE. Dá bharr sin, leantar de bheith ag seachadadh seirbhísí párolla, cuntas agus TEC ag an Roinn Sláinte ar son na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Baineann an ráiteas rialaithe inmheánaigh airgeadais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hábhar freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 40 i réimsí an airgeadais i dtaca leis na Scoileanna Coinneála Leanaí.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bhainistithe Sheirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte do sholáthar seirbhísí comhroinnte párolla, cuntas agus TFC, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais do sheirbhísí airgeadais i dtaca leis na Scoileanna Coinneála Leanaí agus leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla sholáthar.

Táim ag brath ar litir ráthaíochta ó Oifigigh Cuntasaíochta an Vóta don Roinn tSláinte, an Vóta don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Vóta don Seirbhís Chomhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí á gcleachtadh i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creatlach na ngnáthamh riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas le fáil i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- leagadh síos socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bhainistiú airgeadais
- leagadh síos gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta cuí ceartaithí
- is ann do Choiste Iniúchóireachta chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras inmheánach rialaithe.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach ghnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- Gurb ann do chóras cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag bainisteoirí sinsearacha.
- Go ndéantar athbhreithnithe rialta ag bainisteoirí sinsearacha ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais tuartha.
- Go bhfeidhmíonn córas bainistithe riosca laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais i bhfeidhm ar aidhm leo slándáil na gcóras TEC a chinntiú.
- Gurb ann do threoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus do dhisciplíní foirmeálta bainistithe thionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Tá an Roinn comhlíontach seachas i dtaobh 5 chonradh ar luach €274,069 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Seo a leanas na cúiseanna nach raibh próiseas tairisceana iomaíche ann, faoi mar ar áiríodh iad i mo thuairisceán don bhliain 2015 faoi Chiorclán 40/2002:
  - (a) Measadh go raibh an réiteach aonair b'éifeachtaí ag trí chonradh ar a raibh luach iomlán €107,647 agus aird ar chineál speisialaithe na seirbhísí a soláthraíodh.
  - (b) Tugadh conradh amháin ar a raibh luach iomlán €138,009 anonn ó phróiseas tairisceana iomaíche roimhe seo ar feitheamh creat-socrú láraithe soláthair a bhunú.
  - (c) Measadh go raibh conradh amháin ar a raibh luach iomlán €28,413 riachtanach agus aird ar thaithí an tsainchomhairleora roimhe seo sa bhonneagar TF a theastaigh a fhorbairt agus sna srianta criticiúla ama chun tacú le próiseas reachtúil imscrúdaithe.

Anuas ar an méid thuas, tabhaíodh caiteachas €9,500 ar chonradh amháin in 2015 chun tacú le Sraith Straitéisí a nuashonrú chun cabhrú le bunú agus le reáchtáil Chomhairle na nÓg ar fud na tíre. Roghnaíodh an soláthraí seirbhíse mar gheall ar a thaithí agus an obair faoinar thug sé roimhe seo in 2010 nuair a bhí an tSraith Straitéisí á forbairt i dtosach báire.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Ní ann d'aon limistéir shuntasacha faoi láthair ina bhfuil riosca airgeadais. Tá iarrachtaí réamhghníomhacha á ndéanamh ag Aonad Airgeadais na Roinne chun aon rioscaí féideartha a mhaolú trí oibriú le Rannáin líne chun cabhrú leis an mbainistiú a dhéanann siad ar scéimeanna cistithe. Sholáthair an tAonad Airgeadais, ach go háirithe, comhairle agus oiliúint d'Aonaid ar anailís a dhéanamh ar ráitis airgeadais de chuid eagraíochtaí tairbhithe agus ar rialachas cuí airgeadais, go ginearálta. I gcas chistiú Tusla, tá córas an-dea-fhorbartha agus an-daingean rialuithe i bhfeidhm.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téitear i bhfeidhm ar a cuid oibre ag anailís na rioscaí airgeadais a bhfuil ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, a cheadaítear agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar obair leantach i dtaca le tuairiscí na feidhme airgeadais inmheánaí.

Tacaítear leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh ag comhlacht príobháideach a úsáideann foireann ar cuireadh oiliúint chuí orthu.

***Rialuithe inmheánacha a bharrfheabhsú***

Bhí sé de thairbhe agam gur chuir coiste iniúchóireachta inmheánaí na Roinne comhairle orm ar bhonn leanúnach maidir le rialuithe inmheánacha. Tá an chomhairle seo leagtha amach i dtuarascálacha an choiste agus soláthraíonn sí bonn le haghaidh feabhsúchán leantach. Thit barr feabhais breise amach ar rialuithe airgeadais inmheánacha nó tá siad ar bun faoi láthair, ina measc:

- Rinneadh athbhreithniú breise in 2015 ar an gcáipéis nuashonraithe ina gcuimsítear nósanna imeachta airgeadais na Roinne a foilsíodh den chéad uair i rith 2014, go príomha chun riachtanais nua cheannaigh agus nósanna imeachta nua a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar íocaíochtaí deontais a chur san áireamh, agus freisin, chun na nósanna imeachta a nuashonrú atá bunaithe go ginearálta ar eispéireas na chéad bhliana i mbun oibriú. Is é cuspóir na cáipéise chun treoir a sholáthar d'fhoireann na Roinne maidir le cuid de na ceisteanna airgeadais is dóchúil a thiocfaidh aníos i gcaitheamh a ndualgas oifigiúil. Beartaítear, chomh maith, chun gníomhú mar fhoinse faisnéise ar bhunphrionsabail chuntasaíochta an Rialtais, conas a chuirtear i bhfeidhm iad in oibríochtaí laethúla agus freisin lena chinntiú go mbíonn tuiscint, eolas agus léirthuiscint ar an obair a bhíonn le déanamh in Aonad Airgeadais féin na Roinne. Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta seo ar bhonn leanúnach agus déanfar iad a leasú agus a nuashonrú de réir mar is gá.
- I rith 2015, rinne Rannán Rialachais agus Feidhmíochta na Roinne athscagadh agus feabhsú breise ar chóras monatóireachta feidhmíochta Tusla i gcomhar le comhghleacaithe ón nGníomhaireacht. Beidh an mhodheolaíocht seo faoi réir athbhreithniú agus forbairt bhreise in 2016.
- I rith 2015, bhí iniúchóir a bhain cáilíocht ghairmiúil amach i gceannas ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí i rith 2015 a bhí ag oibriú ar bhonn sainchomhairleoireachta agus lenar thacaigh comhalta foirne lánaimseartha a bhí ag oibriú san Aonad. Oibríonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí faoi threoir agus rialú an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí (an CII) agus an Ard-Rúnaí. Casaim le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí

agus le Cathaoirleach an CII go tréimhsiúil. Bíonn miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an CII faoi réir plé rialta ag Bord Bainistíochta na Roinne.

- Déanann bainistíocht shinsearach na Roinne a n-ainmneacha a chur le Ráiteas um Dhearbhú Rialaithe Inmheánaigh maidir lena limistéir aonair freagrachta. Tá na Ráitis seo ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta nuair a bhíonn an Cuntas Leithreasa á dtabhairt chun críche.

Tá próiseas sainaitheanta agus bainistíochta riosca i bhfeidhm. Is é an cuspóir atá leis seo chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus chun cuntas a thabhairt ar bhearta chun na rioscaí a rialú agus a bhainistiú a bhféadfadh an Roinn bheith nochta dóibh. Rinneadh bainistíocht riosca a chorprú isteach sa chóras pleanála gnó agus thit measúnú agus feabhsú breise amach ar bhainistíocht riosca mar chuid de phleanáil gnó agus córas athbhreithnithe 2015. Ina leith seo, casann Bord Bainistíochta na Roinne ar bhonn ráithiúil mar choiste riosca.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

31 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil atá le cur i láthair i dTithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 11 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2015 do ghnóthaí áirithe eile a bhaineann le Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fomhair 2016

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Cuntas Leithreasa 2015

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | | | | |
| | *Tosaigh* | 679,912 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | | 694,912 | 694,611 | 676,530 |
| B | Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga | | | | |
| | *Tosaigh* | 325,721 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,644) | | | |
| | | | 324,077 | 319,545 | 309,716 |
| C | Clár Polasaí agus Reachtaíochta | | 21,034 | 15,217 | 12,899 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,026,667 | | | |
| | *Forlíontach* | 13,356 | | | |
| | | | **1,040,023** | **1,029,373** | **999,145** |
| | *Bain as* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gCabhair** | | | | |
| | *Tosaigh* | 26,656 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,644) | | | |
| | | | **25,012** | **24,598** | **22,898** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,000,011 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | | **1,015,011** | **1,004,775** | **976,247** |

**Farasbarr le haghaidh géilliúna**

Is ar fharasbarr an mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a dhlitear géilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid áirithe d’aon leithreasaí neamhchaite a thabhairt anonn chun iad a chaitheamh sa bhliain dar gcionn.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 10,235,519 | 597,009 |
| Géilliúint iarchurtha | (3,500,000) | — |
| Farasbarr atá le géilliúint | 6,735,519 | 597,009 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 9,510 | 8,709 | 8,613 |
| ii | Taisteal & liúntas cothaithe | 138 | 109 | 78 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus teagmhasacha | 331 | 217 | 170 |
| iv | Seirbhísí postais agus teileachumarsáide | 106 | 124 | 99 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 189 | 198 | 146 |
| vi | Costais áitribh oifige | 305 | 377 | 289 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe luach airgid agus polasaí | 160 | 161 | 85 |
| | | 10,739 | 9,895 | 9,480 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 1,019,478 | 989,665 |
| Pá | | 8,709 | 8,613 |
| Neamhphá | | 1,186 | 867 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,029,373** | **999,145** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **24,598** | **22,898** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,004,775** | **976,247** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (10,742) | | |
| Dímheas | 50 | | |
| | | (10,692) | (37,881) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | (3,520) | | |
| Meadú stoic | — | | |
| | | (3,520) | 331 |
| **Caiteachas díreach** | | **990,563** | **938,697** |
| **Caiteachas iompartha in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,792 | 2,393 |
| **Glanchostais chláir** | | **993,355** | **941,090** |

### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais seirbhísí gaolmhara déanta as na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 40 iompartha in áit eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | 40 |
| Vóta 12 Liúntais Aoisliúntais agus Scoir | m | 279 | 226 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 2,459 | 2,127 |
| Vóta 18 Seirbhís Chomhroinnte | m | 24 | — |
| | | 2,792 | 2,393 |

Léiríonn ‘m’ gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir seo.

## 2 An Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **55,172** | **44,480** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 5,062 | (5,206) |
| Stoic | 2.4 | 44 | 44 |
| Réamhíocaíochtaí | | 5,866 | 2,278 |
| Ioncam fabhraithe | | 2 | 2 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 233 | 5,446 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **11,207** | **2,564** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 405 | 337 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 1,726 | 102 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 3,569 | 138 |
| **Iomlán dliteanais reatha** | | **5,700** | **577** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **5,507** | **1,987** |
| **Glansócmhainní** | | **60,679** | **46,467** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **60,679** | **46,467** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 46,467 | 8,917 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar Meastacháin | Cuntas | 1,015,011 | | |
| Géilliúint iarchurtha | Cuntas | (3,500) | | |
| Farasbarr le géilliúint | Cuntas | (6,736) | | |
| Glanvóta | | | 1,004,775 | 976,247 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompartha in áit eile | 1 | | 2,792 | 2,393 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (993,355) | (941,090) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **60,679** | **46,467** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Sócmhainní i mbun forbartha | Trealamh oifige | Troscán agus feistithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 44,369 | 669 | 572 | 45,610 |
| Breiseanna | 10,694 | 45 | 3 | 10,742 |
| Costas nó luachail ag 31 Nollaig 2015 | 55,063 | 714 | 575 | 56,352 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | — | 626 | 504 | 1,130 |
| Dímheas don bhliain | — | 28 | 22 | 50 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015 | — | 654 | 526 | 1,180 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **55,063** | **60** | **49** | **55,172** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **44,369** | **43** | **68** | **44,480** |

| **2.3 An Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead an PMG | 5,023 | (5,206) |
| Iarmhéideanna bainc thráchtála | 39 | — |
| | 5,062 | (5,206) |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 25 | 16 |
| Tomhaltáin TE | 19 | 28 |
| | 44 | 44 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí go OOP | 213 | 88 |
| Cáin Ioncaim | — | (3) |
| Míreanna eile fionraí dochair | 20 | 5,361 |
| | 233 | 5,446 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach na Seirbhísí Gairmiúla | 25 | 35 |
| Cáin Ábhartha Chonraitheoirí | — | 3 |
| Cáin bhreisluach | 4 | 5 |
| Caiteachas infhorchúitithe scéime saorthaistil | (5) | 1 |
| Pinsin | 2 | (5) |
| | 26 | 39 |
| Míreanna eile fionraí creidmheasa | 1,700 | 63 |
| | 1,726 | 102 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilliúint | 6,736 | 597 |
| Géilliúint iarchurtha | 3,500 | — |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (6,667) | (459) |
| Glandliteanas don Státchiste | 3,569 | 138 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| An Banc agus Airgead Tirim | 5,062 | — |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 233 | 5,446 |
| | 5,295 | 5,446 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | (5,206) |
| Dlite don Stát | (26) | (39) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,700) | (63) |
| | (1,726) | (5,308) |
| | 3,569 | 138 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |

Ceangaltais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta ina dhiaidh seo do na rudaí seo a leanas

| **(a) Ceangaltais domhanda** | | |
|---|---|---|
| Focheannteidil soláthair | 12,985 | 785 |
| Focheannteidil deontais | 3,094 | 418 |
| Iomlán ceangaltais | 16,079 | 1,203 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(tionscadail a bhfuil costais de €6,350,000 nó níos mó acu)

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas go 31 Nollaig 2014** | **Caiteachas 2015** | **Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán tuartha saolré an tionscadail 2015** | **Caiteachas iomlán tuartha saolré an tionscadail 2014** |
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Áis Náisiúnta Coinneála Leanaí | 42,288 | 10,694 | 3,458 | 56,440 | 56,440 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Focheannteidil

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 2,568 | 2,340 | 2,308 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 331 | 238 | 203 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 643,401 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,000 | 658,401 | 662,690 | 619,318 |
| A.4 | Ceartas i leith an Aosa Óig – Scoileanna Coinneála Leanaí | | | 33,612 | 29,343 | 54,701 |
| | | | | **694,912** | **694,611** | **676,530** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, ba é luach an chaiteachais maidir le Clár A ná €0.301 milliún níos mó ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara leath 2015, agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 93 | D'eascair an t-athrúchán i ngeall go raibh costais riaracháin neamhphá a bhain leis an Roinn a reáchtáil, go háirithe maidir le hOiliúint Taistil agus Chothabhála agus forbairt agus speansais theagmhasacha agus seirbhísí Sainchomhairleachta ní b'ísle ná mar a raibh súil leis. |
| Ceartas i leith an Aosa Óig – Scoileanna Coinneála Leanaí | 4,269 | Bhí eisíocaíochtaí caiteachais ní ba lú ná mar a raibh súil leis mar gheall ar chostais laghdaithe phárolla de dheasca moilleanna a bhí ar earcaíocht oibrithe sóisialta don tSaoráid nua Náisiúnta Choinneála Leanaí agus, maidir le hoibreacha forbartha caipitiúla, de bharr nach raibh Oifig na nOibreacha Poiblí in ann a n-ainm a chur le hoibreacha gaolmhara faoinar thug na conraitheoirí. |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **B** | **Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 2,568 | | 2,420 | 2,207 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 331 | | 220 | 188 |
| B.3 | Clár bliana réamhscoile COLÓ | | 172,400 | | 177,082 | 173,797 |
| B.4 | Cláir ghinearálta chúraim leanaí | | 84,129 | | 78,399 | 76,701 |
| B.5 | Tionscnaimh chúraim leanaí (faoi theorainn airgid) | | 8,363 | | 5,780 | 2,300 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 50,680 | | 51,485 | 50,523 |
| B.7 | Clár ceantarbhunaithe óige | | 4,750 | | 3,400 | 4,000 |
| B.8 | Luathchlár idirghabhála do leanaí agus do dhaoine óga (Ciste na cuntas díomhaoin *)* | | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,500 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1,644) | 856 | | 759 | — |
| | | | **324,077** | | **319,545** | **309,716** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, ba é luach an chaiteachais maidir le Clár B ná €4.532 milliún níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara leath 2015, agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 111 | D'eascair an t-athrúchán i ngeall go raibh costais riaracháin neamhphá a bhain leis an Roinn a reáchtáil, go háirithe maidir le hOiliúint Taistil agus Chothabhála agus forbairt agus speansais theagmhasacha agus seirbhísí Sainchomhairleachta ní b'ísle ná mar a raibh súil leis. |
| Cláir ghinearálta chúram leanaí | 5,730 | Tháinig coigilt chun solais i ngeall go raibh rannpháirtíocht tuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste sa Chlár Fóirdheontais Phobail atá faoi stiúir éilimh, ní b'ísle ná na leibhéil a raibh súil leo. Bhí d'acmhainn ag an gclár chun freastal ar 9,100 leanbh Coibhéise Lánaimseartha (CLA) ach níor úsáideadh ach 8,310 áit CLA. |
| Tionscnaimh chúram leanaí (faoi theorainn airgid) | 2,583 | D'eascair an t-athrúchán mar gheall go raibh an líon faighteoirí cáilitheacha leasa shóisialaigh a shainaithint an Roinn Coimirce Sóisialaí lena n-iontráil sa Chlár Cúram Leanaí i nDiaidh Am Scoile agus sa Chlár Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail ní b'ísle ná mar a tuaradh i dtosach báire. Bhí d'acmhainn ag an dá chlár chun 2,360 áit Choibhéise Lánaimseartha a sholáthar ach níor úsáideadh ach 1,667 CLA. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár ceantarbhunaithe óige | 1,350 | Bhraith tús a chur le hidirghabhálacha a sholáthar ar leibhéal an láithreáin ar chonarthaí sínithe a bheith ann idir na láithreáin agus Pobal. Ní fhéadfaí comhaontú a dhéanamh ar shocrú conarthach ach sa chás gur thug Pobal fógra do na cisteoirí (an RLGÓ agus Atlantic Philanthropies) gurbh ann do rialú agus maoirseacht bainistíochta a bhí daingean a dhóthain ar leibhéal an láithreáin. Tháinig moilleanna chun solais sa chéim réamhchonartha seo a chur moill ar shíniú conarthaí le haghaidh soláthar seirbhíse a bhí cistithe ag an RLGÓ/AP. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Clár Polasaí agus Reachtaíochta** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 4,374 | 3,949 | 4,098 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 567 | 728 | 476 |
| C.3 | Táillí agus socruithe ilghnéitheacha dlí | 739 | 15 | 124 |
| C.4 | Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha agus cláir eile thaighde | 1,900 | 1,814 | 616 |
| C.5 | Creat beartas leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 2,620 | 2,238 | 1,797 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | 2,885 | 3,147 | 2,990 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | 1,949 | 1,650 | 1,888 |
| C.8 | Coimisiún Imscrúdúcháin | 6,000 | 1,676 | — |
| — | Deontais chuig eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | — | — | 910 |
| | | 21,034 | 15,217 | 12,899 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, ba é luach an chaiteachais maidir le Clár C ná €5.817 milliún níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara leath 2015, agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (161) | Tháinig an t-athrúchán chun solais mar gheall go raibh costais neamhphá a bhain leis an Roinn, go háirithe maidir le Sainchomhairleacht, Áitribh Oifige agus Taisteal agus Cothabháil ní b'airde ná mar a raibh súil leis. |
| Táillí agus socraíochtaí ilghnéitheacha dlí | 724 | Is deacair íocaíochtaí amach a bhaineann le himeachtaí dlí a thuar, go ginearálta. Bhí na costais a tabhaíodh in 2015 i bhfad ní ba lú ná mar a measadh i dtosach báire mar gheall nach raibh na costais a bhain leis an gcur in aghaidh Reifreann na Leanaí i gceist. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 382 | Tacaíonn an Fotheideal seo le réimse clár agus bhí an leibhéal caiteachais chun seirbhísí áirithe a sholáthar ná b'ísle ná mar a measadh. Bhain an sciar ba shuntasaí den choigilt le moilleanna a bhí ar thabhairt isteach an athbhreithnithe ar Threoirlínte 'Tús Áite do Leanaí'. |
| Údarás Uchtála na hÉireann | (262) | Baineann an caiteachas breise i gcoinne sholáthar an mheastacháin go príomha le costais dlí a thabhaigh Údarás Uchtála na hÉireann maidir le saincheisteanna dlíthíochta a bhaineann le huchtáil intíre agus idirthíre. |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 299 | Ba mhoilleanna a bhí ar earcaíocht foirne d'Oifig an Ombudsman do Leanaí ba chúis go príomha leis an tearc-chaitheamh. |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 4,324 | Bhí an Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán sa chéim thionscnaimh i ndiaidh gur bunaíodh é i bhFeabhra 2015 agus cé gur cuireadh obair an Choimisiúin chun cinn i gcaitheamh na bliana, bhí leibhéil chaiteachais ní b'ísle ná mar a measadh i dtosach báire. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **2015** | | **2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | 9,070 | 9,182 | 9,027 |
| 2. | Scéim aoisliúntais le haghaidh foirne neamhtheagaisc i Scoileanna Coinneála Leanaí | | 550 | 556 | 504 |
| 3. | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | | 1 | — | — |
| 4. | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | | 2 | — | — |
| 5. | Ilghnéitheach | | 874 | 1,034 | 959 |
| 6 | Ciste na gCuntas Díomhaoin | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,644) | 856 | 759 | — |
| 7. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 13,659 | 13,067 | 12,408 |
| | **Iomlán** | | **25,012** | **24,598** | **22,898** |

**Míniú na n-éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach focheannteidil mar a raibh an táirgeacht éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (160) | D'eascair an farasbarr i ngeall go mbíonn na fáltais ilghnéitheacha a bhaineann leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach athraitheach i dtaobh cineáil de agus gur deacair iad a thuar go cruinn. |
| Ciste na gcuntas díomhaoin | 97 | Baineann an leithreasú i gcabhair seo le haisghabháil ó chiste caiteachas cláir na gCuntas Díomhaoin a eascraíonn faoi Fhotheideal B.8. Bhí caiteachas faoin bhfotheideal seo ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis agus ba seo ba chúis leis na fáltais laghdaithe. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

Taisceadh suim de €11.053 milliún chuig an Státchiste ag eascairt as dídhílsiú cistí a leithdháileadh ar thionscadail trasna roinnt clár cúraim leanaí a riaradh ag Pobal ar son na Roinne sna blianta roimh 2015.

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais ó Pobal | 11,053 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (11,053) | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| An Roinn | 149 | 142 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 16 | — |
| Gníomhaireachtaí (nóta 5.2) | 3,694 | 3,654 |
| | **3,859** | **3,796** |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 9,044 | 7,962 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 125 | 139 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | 31 | 38 |
| ÁSPC an Fhostóra | 530 | 473 |
| **Iomlán pá** | **9,731** | **8,613** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 22 | 4 | 18,639 | 17,949 |
| Liúntais eile | 6 | - | 234 | 225 |
| Ragobair | 7 | - | 8,372 | 11,359 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 5 | 1 | 10,961 | 10,131 |

Baineann an pá, na liúntais agus luach saothair eile a shonraítear thuas le foireann na Roinne a n-íoctar iad go díreach ón mbuiséad riaracháin faoi chláir A, B agus C den Vóta.

Gearradh costais phárolla a bhain leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin ar Fhotheideal C.8 de chuid an Vóta, b'ionann seo agus €1,022,041 in 2015 agus cuirtear seo san áireamh i bhfigiúr an phá iomláin €9,731,000.

**5.2 Foireann Ghníomhaireachta**

Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí, agus dá réir ní bhíonn faisnéis mhionsonraithe faoi phá agus faoi liúntais á coinneáil ag an Roinn de ghnáth i dtaca le foireann ghníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus le pá na bhfostaithe i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/ ó na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ón ngníomhaireacht faoi thrácht.

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 3,446 | 3,421 |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 215 | 200 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 22 | 23 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 11 | 10 |
| **Iomlán** | **3,694** | **3,654** |

| **Pá** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 225,935 | 204,849 |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 13,635 | 12,936 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,558 | 1,450 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 632 | 723 |
| **Iomlán pá** | **241,760** | **219,958** |

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

B’ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €16,709 (7 gcás) (2014: €24,031 2 chás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i dtaobh €16,628 (6 chás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú Crannchuir Náisiúnta

| Fo-theidil | Cur síos | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 51,485 | 50,523 |
| _ | Deontais chuig eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | — | 910 |

Tá fáil ar chritéir maidir le faighteoirí aonair an chistithe agus na suimeanna a íocadh leo ón Aonad Gnóthaí Óige de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ar feitheamh fhoilsiú na faisnéise ar láithreán gréasáin na Roinne.

### 6.2 Íocaíochtaí do Phobal

De réir pholasaí cuntasaíochta na Roinne, gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal le linn na bliana (€106.969 milliún) do na fo-cheannteidil ábhartha faoi mar a leagtar amach thíos.

| | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|
| **Focheannteidil** | | |
| B.3 | 8,891 | 9,610 |
| B.4 | 77,992 | 76,343 |
| B.5 | 5,779 | 2,300 |
| B.6 | 10,299 | 10,051 |
| B.7 | 3,400 | 4,000 |
| C.5 | 608 | 555 |
| An méid iomlán a íocadh do Phobal | 106,969 | 102,859 |

Ag 31 Nollaig 2015, bhí cistí i seilbh Phobail ar luach iomlán €7.132 milliún a bhí réamhíoctha dó ach nach raibh caite ag deireadh na bliana (2014: €15.98 milliún).

**6.3 Costais dhlíthiúla**

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Cúiteamh a rinneadh a dhámhachtain** | **Costais dlí a rinneadh a dhámhachtain** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag fostaithe an Vóta** | | | | | | |
| *Gortú i gcaitheamh obair a dhéanamh* | 8 | 9 | 25 | 19 | 53 | 90 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Imeachtaí Cúram Leanaí | 1 | — | — | 15 | 15 | — |
| *Agóid dhlíthiúil* | 2 | — | 58 | 26 | 84 | 143 |
| *Tríú Páirtí a raibh baint aige/aici i dtimpiste um thrácht ar bhóithre* | — | — | — | — | — | 1 |
| | | 9 | 83 | 60 | 152 | 234 |

**6.4 Dliteanas teagmhasach**

Eascróidh dliteanais de thoradh ar an dúshlán dlíthiúil i leith thoradh Reifreann na Leanaí. Bronnadh an tríú cuid dá cuid costas dlíthiúil ar an achainíoch ag an Ardchúirt i Mí na Samhna 2013 ach tá an méid iarbhír agus uainiú na híocaíochta fós le cinneadh.

**6.5 Coimisiúin agus Sainfhiosrúcháin**

*Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha Ordú an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara) 2015 (I.R. 57 de 2015).*

| | **Bliain Cheapacháin** | **Caiteachas carnach a fhad le deireadh na Nollag 2015** | **Toradh 2015** | **Toradh 2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Coimisiúin Téarma Sheasta** | | | | |
| Coimisiún Imscrúdúcháin C8 – Árais Máithreacha agus Naíonán | 2015 | 1,676 | 1,676 | — |

**6.6 Cistí Neamhvótáilte**

*Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €3,500,000 i leithdháileadh neamhchaite i dtaca le gnéithe caipitiúla d'Fhotheidil A.3 anonn go dtí 2016.*

**6.7 Mírialtachtaí airgeadais – Clár Luathbhlianta cúraim leanaí**

Riarann Pobal roinnt scéimeanna ar son na Roinne. I Mí na Nollag 2014, cuireadh an Roinn ar an eolas faoi roinnt mírialtachtaí amhrasta airgeadais in aonán a mhaoinítear ag Pobal. Bhain na mírialtachtaí amhrasta le héilimh iomarcacha ag aon chomhlacht cúraim seirbhísí leanaí amháin a oibríonn seacht lárionad cúraim leanaí maidir le Clár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal.

I 2015, chuir Pobal iniúchadh i gcrích ar thaifid an chomhlachta chomh maith lena chuid éileamh iomarcach measta ar mhaoiniú cláir i dtaca le clár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal agus i dtaca leis an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-óige do na blianta 2012/13 agus 2013/14 do na suimeanna de €483,000 agus €17,000 faoi seach. I Mí Feabhra 2016, chuaigh an comhlacht faoi leachtú. Tuairiscíodh na fíricí maidir leis an gcás ag Pobal don Gharda Síochána agus d'Oifig an Stiúrthóra d'Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Tá athbhreithniú neamhspleách coimisiúnaithe ag an Roinn ar shampla seirbhísí inchomparáide chun a chinneadh an bhfuil mírialtachtaí den chineál céanna ag tarlú in áiteanna eile. Ag Lúnasa 2016, tá seo páirtchríochnaithe agus táthar ag coinne le tuairisc roimh dheireadh na bliana.

Luann an Roinn go gcuireann tabhairt isteach córais nua TF, an tArdán Cur i bhFeidhm Clár (ACFC) i Mí Mheán Fómhair 2014, feabhas suntasach ar an rialú ar íocaíochtaí do sheirbhísí cúraim leanaí.

Ina theannta sin, rinne an Roinn roinnt beart chun rialuithe a threisiú maidir le scéimeanna a riartar ag Pobal, lena n-áirítear forbairt chomhaontaithe chuimsithigh leibhéal seirbhíse le Pobal. Tá an doiciméad seo comhaontaithe ag Meán Fómhair 2016 agus beidh sé ar siúl ar feadh tréimhse de dhá mhí déag agus an Roinn ag cur i gcrích athbhreithniú críochnúil ar na socruithe sin a rialaíonn a caidreamh le Pobal. Déanann an comhaontú eatramhach seo soláthar do roinnt gnáthamh rialaithe airgeadais, lena n-áirítear soláthar tuairiscí míosúla achoimre airgeadais don Roinn mar a gcuirtear in iúl na cistí sin a tharraingítear anuas i dtaca le gach clár, iarmhéideanna reatha ar láimh agus eis-sreabhadh/caiteachas de réir an chláir.

Tugadh go hinmheánach faoi athbhreithniú ar an réimeas comhlíonta i bPobal chun a chinneadh conas ab fhéidir comhlíonadh

agus iniúchadh a threisiú, agus tá idirbheartaíocht ar siúl faoi thairiscint seirbhíse comhlíonta 2016 – 2017 idir an Roinn agus Pobal. Bhí de thoradh ar an bpróiseas seo soiléiriú na rialacha do roinnt clár maoinithe, go háirithe an Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal, agus beidh mar thoradh próiseas comhlíonta atá níos trédhearcaí.

**7 Cistí Neamhvótáilte**

Riar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige suim €4,800 trí chuntas fionraí vóta a fuarthas ó Chomhairle na hEorpa i dtreo Uirlis Mheasúnaithe Rannpháirtíocht Leanaí a fhorbairt. Bhí seo mar chuid de phróiseas leanúnach ar chuir Comhairle na hEorpa tús leis lena chinntiú gur féidir le gach leanbh agus duine óg laistigh de bhallstáit Chomhairle na hEorpa an ceart a fheidhmiú atá acu go n-éistfear leo, go dtugtar an aird chuí orthu agus go nglacann siad páirt i gcinnteoireacht i ngach ceist a dhéanann difear dóibh. Bhí an leithdháileadh iomlán acmhainní caite faoin 31 Nollaig 2015.